Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**14123/23**

**SOC 677
EMPL 481
GENDER 188**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne: Ceapachán Roxana MALITI, comhalta na Slóvaice, in ionad Marián LIZANEC, a d'éirigh as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Marián LIZANEC éirithe as oifig mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don tSlóvaic).

2. Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 an 20 Nollaig 2006[1], foráiltear, *inter alia*, gur cheart don Chomhairle ocht gcomhalta dhéag, chomh maith le comhaltaí malartacha, a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ionadaíocht ar ocht mBallstát déag in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

3. Le Cinneadh uaithi an 24 Bealtaine 2022[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
[2] IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

4. Tá an t-iarrthóir seo a leanas molta ag Rialtas na Slóvaice chun ionad an chomhalta a d'éirigh as oifig a ghlacadh, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025:

Roxana MALITI
Príomhchomhairleoir Stáit
An Roinn Comhionannais idir Mná agus Fir agus Comhionannas Deiseanna
Aireacht Saothair, Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh Phoblacht na Slóvaice
Špitálska 4, 6, 8
816 43 An Bhratasláiv, Poblacht na Slóvaice
Teil.: +421 2 2046 1030
r-phost: roxana.maliti@employment.gov.sk

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena n-ionadaítear comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a ghlacadh mar mhír 'A' agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena n-ionadaítear comhalta

de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí

um Chomhionannas Inscne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne[3], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 24 Bealtaine 2022[4], rinne an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne a cheapadh don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla Marián LIZANEC a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Slóvaice don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[3] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
[4] IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Roxana MALITI ina comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Marián LIZANEC, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán